



# COMHDHÚILE IANACHA A AINMNIÚ & A BHFOIRMLÍ A RÍOMH TASC



A. Caith na díslí 10 uair chun ainianacha agus caitianacha a fháil le do thábla a líonadh amach.

[teacherled.com/iresources/tools/dice/](http://teacherled.com/iresources/tools/dice/)

B. Ríomh foirmle ceimiceach na gcomhdúile bunaithe ar na torthaí a fuair tú ar chaitheamh na ndíslí

1. Aimsigh lucht an ainiain agus caitiain
2. Cinntigh go bhfuil na luchtanna cothrom
3. Méadaigh chun na luchtanna a chothromú (scríobh uimhir bheag tar éis an tsiombail)
4. Scríobh an caitian ar dtús

C. Ainmnigh na comhdhúile bunaithe ar na torthaí a fuair tú ar chaitheamh na ndíslí

1. Scríobh ainm an ainiain ar dtús
2. Bain críoch an ainiain agus cuir -íd ag deireadh
3. Scríobh ainm an chaitiain gan athrú (ach amháin má tá pointe gramadaí)

FÉACH TUILLEADH AR  
[WWW.DBGMATA.IE](http://WWW.DBGMATA.IE)



# COMHDHÚILE IANACHA A AINMNIÚ & A BHFOIRMLÍ A RÍOMH CEISTEANNA



1. Mínigh cad atá i gceist le riail an ochtréid.
2. Luaigh lucht agus suíomh san adamh ag neodróin, prótóin agus leictreoin.
3. Conas is féidir líon leictreon, prótón agus neodrón atá ag adamh de dhúil a ríomh.
4. Mínigh cén fáth go bhfuil lucht dearfach ag caitian?
5. Mínigh cén fáth go bhfuil lucht diúltach ag ainian?
6. Roghnaigh dúil amháin (le uimhir adamhach  $<20$ ) ó ghrúpa 1 go 8 sa tábla peiriadach agus tarraing léaráid cumraíocht leictreoin den dúil sin.
7. Tá pátrúin ann sna learaidí cumraíocht leictreoin ag bogadh ó ghrúpa 1 go 8. Cad é an patrún sin?
8. Conas go bhfuil eolas ar an bpátrún sin úsaideach dúinn?
9. Is samplaí iad na ceisteanna ar fad don tasc ar nascadh ianach, cad atá i gceist le nasc ianach?
10. I nasc comhfhiúsach roineann adaimh leictreoin. Cen fáth go ndéanann siad é seo?
11. Tabhair trí shampla de chomhdhúile atá mar thoradh ar nascadh comhfhiúsach.

**FÉACH TUILLEADH AR  
WWW.DBGMATA.IE**